# Scéal, Scéal, Scéal ...

18 Bealtaine 2023 || Eagrán 147

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga



Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!







# AN CAILÍN CIÚIN

Beidh deis eile ag daoine i gCois Fharraige 'An Cailín Ciúin' a fheiceáil ar an scáileán mór i Seanscoil Sailearna ar an Aoine 26 Bealtaine. Taispeánadh an scannán cheana sa tSeanscoil, mí Dheireadh Fómhair seo caite, le linn Féile Chois Fharraige. Ó shin roghnaíodh an scannán ar an ngearrliosta le haghaidh Oscar i Los Angeles. Beidh an scannán á thaispeáint ag Club Scannán Sailearna mar chuid de Fhéile Bealtaine, féile atá maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus é mar aidhm aige deiseanna a chur ar fáil d'aosaigh páirt a ghlacadh in imeachtaí ealaíona agus cultúrtha. Tá cáil mhór bainte amach ag 'An Cailín Ciúin', an chéad scannán riamh i nGaeilge a ainmníodh do Oscar. Is iomaí gradam atá bronnta ar an scannán, a fuair tacaíocht ó Cine4, an scéim atá ag TG4 le scannáin d'ardchaighdeán i nGaeilge a léiriú. Tosóidh an scannán ag 7.00i.n agus cuirfear sólaistí ar fáil ina dhiaidh. Ní bheidh aon táille á ghearradh ar an ócáid.

# TRÁTH NA GCEIST

Tá tráth na gceist á reáchtáil ag CLG Micheál Breathnach ar an Aoine 26 Bealtaine, Tigh Chualáin. Cuirfear tús leis an tráth na gceist @ 9:30i.n. Tá costas €40 ar bhord de cheathrar. Cuirfear an t-airgead a bhailítear ar an oíche i dtreo na costais a bheas ar fhoireann peile na mban a bheas ag taisteal go Dún na nGall an mhí seo chugainn do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Beidh crannchur ar an oíche chomh maith le neart duaiseanna le buachan!



Seilig i Measc na nAlp

1940

Cumann Micheál Breathnach

# FOLÚNTAS AG TEARMANN ÉANNA

Tá Bainisteoir Ginearálta á lorg ag Tearmann Éanna CTR. Beidh an bainisteoir lonnaithe i gceannáras na heagraíochta ar An Tulach, i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Freagrach do Choiste Stiúrtha Thearmann Éanna CTR a bheas an té a éiríonn leo. Éilíonn an post seo duine díograiseach le taithí cruthaithe acu ag leibhéal sinsearach agus scileanna eagrúcháin a thuillfidh iontaoibh ón bhfoireann, ó úsáideoirí seirbhíse agus ó eagraíochtaí Stáit. Is í an Ghaeilge teanga oibre Tearmann Éanna agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is féidir litir iarratais agus CV maraon le cuntas gairid (100 focal ar a mhéid), ar do chuid torthaí cruthaithe ag leibhéal bainistíochta, atá ábhartha don ról, a sheoladh chuig runai@tearmanneanna.ie roimh an 4i.n. Aoine, 26ú Bealtaine 2023. Má tá níos mó eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht ag an seoladh thuas.

# POTA: AN CAFÉ IS FEARR I GCÚIGE CHONNACHT

Ainmníodh 'POTA Café' mar an bhialann is fearr i gCúige Chonnacht le gairid ag Gradaim Bhialainne na hÉireann. Thaistil foireann na bialainne go Baile Átha Cliath le freastal ar an ócáid le linn na seachtaine. Ghabh Diamruid Ó Mathúna, úinéir POTA, buíochas leis an bhfoireann dhíograiseach atá faoina threoir chomh maith leis na soláthraithe iontacha agus an pobal a thacaíonn leo ar gach aon bhealach.

# SIÚLÓID CHUIMHNEACHÁIN d'EIMEAR NÍ CHONGHAILE

Beidh siúlóid chuimhneacháin d'Eimear Ní Chonghaile ar siúl ar an Satharn 20 Bealtaine @ 12 meán lae. Rachaidh an siúlóid ó Choláiste Chonnacht, ar aghaidh go dtí An Chéibh Nua agus go dtí An Crúiscín Lán mar chríoch. Beidh airgead á bhailiú do Childline ar an lá. Beidh soláistí ar fáil ag an gCrúiscín Lán ina dhiaidh. Ócáid speisialta a bhéas ann don phobal le teacht le chéile i gcuimhne ar Eimear. Suaimhneas síoraí dá hanam.




# MÚINEADH NA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA: OLLSCOIL MHÁ NUAD

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag glacadh le hiarratais anois don chúrsa: Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta. Cúrsa páirtaimseartha, ar líne atá ann agus tá sé oiriúnach dóibh siúd atá ag múineadh na Gaeilge aon áit ar domhan (múineadh ar líne san áireamh). Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach bhfuil aon taithí teagaisc acu, dóibh siúd ar bheagán taithí, agus dóibh siúd atá ag múineadh na Gaeilge le fada ach atá ag iarraidh cur lena gcuid scileanna - go mór mór agus iad ag múineadh ar líne don chéad uair. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 26 Bealtaine 2023. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin gcúrsa ag an nasc seo: http://tinyurl.com/teastas


Ióga Vinyasa
Déardaoin 6:30 - 7:45pm
Súil Eile Space, Bearna
www.sruthyoga.com

# FÉASTA CEOIL AN SPIDÉIL

Beidh an grúpa cáiliúil Cherish the Ladies, leis an bhfliúiteadóir chumasach Joanie Madden, ar an stáitse i Stiúideo Cuan, An Spidéal ar an Aoine 19 Bealtaine. Tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an ngrúpa ban seo. Deireadh seachtaine na Cincíse, 2 agus 3 Meitheamh, tiocfaidh deireadh le Féasta Ceoil An Spidéil, nuair a bheas triúr ceoltóirí cumasacha ag casadh: Edel Fox (Concertina), Neill Byrne (Fidil) agus Macdara Ó Faoláin (giotár agus banjo). Is lárionad ceoil agus ealaíne den scoth é Stiúideo Cuan, atá ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe agus ar Cheann Boirne. Le ceithre mhí anuas tá scoth na gceoltóirí meallta ag Stiúideo Cuan go Cois Fharraige le casadh san ionad álainn atá réitithe amach go speisialta le haghaidh ceoil. Níl ach beagán le cois trí scór suíochán sa seomra ceoil agus le bheith cinnte de shuíochán moltar do dhaoine ticéad a chur in áirithe roimh ré ach teagmháil a dhéanamh le Stiúideo Cuan ag 091 553838.

# FORBAIRT CEADAITHE AR PHÁIRC AN CHNOIC

Tá cead pleanála faighte ag CLG Micheál Breathnach ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe le feabhsúcháin a dhéanamh ar na háiseanna atá ar Pháirc an Chnoic. Beidh cosáin úra á thógáil; beidh dromchla úr agus marcáil línte á dhéanamh ar an gcarrchlós; beidh clúdach cloiche á chur ar an mballa ó dheas; beidh soilsí sráide á chur sa gcarrchlós agus beidh tuilsoilse nua á shocrú ar an bpáirc peile ar dhá cholún 24 méadar ar airde. Tá ocht gcoinníoll ar fad curtha leis an gcead pleanála. Ar ceann de na coinníollacha sin ní féidir na tuilsoilse a úsáid théis 10i.n ó Luan go Aoine agus théis 8i.n ar an Satharn nó an Domhnach.

# FIGHTING WORDS CHONAMARA SAN 'IRISH TIMES'

**Foilsíodh saothar de chuid dhaltaí Choláiste Chroí Mhuire le gairid i bhforlíonadh de chuid 'Fighting Words' san Irish Times. Réitigh Ruadhán Ó Fátharta an píosa 'Strainséir', scríobh Andy Ó Féinne 'Scéal Jimmy', chuir Éabha Mac Riggott píosa darbh ainm 'Peann amháin' le chéile agus chuir Katie Ní Phiotáin peann le páipéar chun píosa darbh ainm 'An ghrian' a réiteach. Is iontach an deis a fuair na daltaí a gcuid saothair a fhoilsiú go náisiúnta. Comhghairdeachas ó chroí le Ruadhán, Andy, Éabha agus Katie!**



# AN BUGAÍ BEOGA




Cuireadh tús leis an mBugaí Beoga le gairid sa Spidéal! Seisiúin aclaíochta, éadrom é seo a thugann deis do dhaoine fásta dreas acalíochta a dhéanamh i gcomhluadar na bpáistí. Tá na seisiúin feiliúnach do thuismitheoirí le gasúir atá níos sine ná 6 seachtaine d'aois. Fáilteofar roimh Mhamaí, Daidí, Mamó, Daideo nó cúramóir. Tá muid ag súil libh a fheiceáil!